C/2025/4203

20.8.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Plean Gníomhaíochta nua maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/4203)

Rapóirtéir: **Sophia REISECKER**

Comhairleoir	Wolfgang GREIF (thar ceann rapóirtéir Ghrúpa II) Jukka AHTELA (thar ceann Ghrúpa I)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	5.12.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	22.5.2025
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	18.6.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	597
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	147/36/53

1. Réamhrá

1.1. Cé go bhfuil na cúiseanna le forógra Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta fós bailí agus gur spreagadh leis an bPlean Gníomhaíochta tiomantas an Aontais don dul chun cinn sóisialta, tá bearnaí agus dúshláin fós ann, go háirithe ó thaobh cur chun feidhme de. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta maidir leis an bpríomhsprioc fostaíochta a bhaint amach, ní leor an dul chun cinn a rinneadh i réimsí eile, go háirithe i dtaca le laghdú 15 mhilliún a dhéanamh ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. Tá go leor le déanamh más mian leis an Aontas agus na Ballstáit spriocanna agus prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach agus a chur chun feidhme ina n-iomláine. Ionas go mbeidh bonn faoi aon bheart eile a dhéanfar amach anseo, tá gá le measúnú críochnúil oibiachtúil a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta a bhí ann roimhe seo.

1.2. Tá sé beartaithe leis an tuairim seo rannchuidiú leis an bPlean Gníomhaíochta nua a d'fhógair an Coimisiún Eorpach agus cuirtear moltaí chun cinn inti maidir le tionscnaimh ar na leibhéil iomchuí. Creideann CESE gur cheart tús áite a thabhairt dá mholtaí maidir le beartas agus rialachas agus Plean Gníomhaíochta Sóisialta réamhbhreathnaitheach nua á tharraingt suas, ar plean é sin a bheidh dírithe ar noirm agus caighdeáin shóisialta sheanbhunaithe a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus, i gcás inar gá, iad a mheasúnú agus a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le riachtanais shochaíocha agus dúshláin gheopholaitiúla agus eacnamaíocha nua atá ag teacht chun cinn.

1.3. Leis na bearta sin, ba cheart roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit a chomhlíonadh chomh maith le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta agus ba cheart díriú ar iomaíochas agus inbhuanaitheacht fhoriomlán shamhail eacnamaíoch agus shóisialta na hEorpa a neartú. An chomhthuiscint go bhfuil an t-iomaíochas agus an dul chun cinn sóisialta fite fuaite ina chéile, is bonn í sin le haghaidh iarrachtaí nithiúla chun an fhostaíocht, an dul chun cinn sóisialta agus an táirgiúlacht a mhéadú, mar a luaitear i dtuarascáil Draghi.

1.4. D'fhonn na dúshláin iomadúla atá roimh an Eoraip a chur san áireamh, cuireann CESE i bhfáth go bhfuil cuspóirí bunaidh Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta fós bailí agus molann sé go nglacfaí cur chuige iomlánaíoch lena gcumhdófaí an chothroime, an t-iomaíochas, an tslándáil agus an chuimsitheacht laistigh den mhúnla sóisialta Eorpach. Ba cheart ról a bheith ag Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a mhéid a bhaineann le timpeallacht a chur chun cinn inar féidir leis na gníomhaithe ábhartha uile, lena n-áirítear na húdaráis phoiblí, a bhfreagrachtaí sóisialta a ghlacadh chucu féin agus inar féidir le cuideachtaí leas a bhaint as a n-acmhainneacht táirgiúlachta agus poist ardcháilíochta a chruthú. Chuige sin, ní mór oibriú chun fás eacnamaíoch cuimsitheach a bhaint amach bunaithe ar bhunchlocha láidre an Mhargaidh Aonair agus ar thaighde agus nuálaíocht lena dtacódh athchóirithe struchtúracha chun cur leis na leibhéil fostaíochta agus leis an rochtain ar scileanna agus feidhmiú cothrom rianúil na margaí saothair agus na gcóras slándála sóisialta a áirithiú. Ar leibhéil éagsúla, d'fhéadfadh an t-idirphlé sóisialta a bheith ina bhuntáiste chun cabhrú leis an Eoraip dul in oiriúint do na hathruithe i saol na hoibre agus d'fhéadfaí é a úsáid mar uirlis chun athruithe a bhainistiú ar bhealach freagrach.

2. **Moltaí i leith na mbeartas**

2.1. ***Comhionannas deiseanna agus rochtain ar an margadh saothair***

2.1.1. **Neamhionannas ioncaim a laghdú agus borradh a chur faoin gcomhionannas inscne:** Cé gur glacadh roinnt tionscnamh cheana féin sa réimse sin, ba cheart bearta breise a áireamh sa phlean gníomhaíochta chun na Ballstáit a spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas ioncaim agus chun éagothromaíochtaí fostaíochta idir fir agus mná a laghdú. Tá straitéis nua maidir le comhionannas inscne de dhíth ar an Eoraip don tréimhse tar éis 2025, agus an trasnachas á chur san áireamh inti freisin. Chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá, tá gá le hidirphlé rialta idir na Ballstáit agus le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach chun an treoir a léirmhíniú agus a chur chun feidhme.

2.1.2. **Cóir chomhionann a chur chun cinn:** Cé go bhfuil sé curtha in iúl ag an gCoimisiún go dtarraingeoidh sé siar an togra le haghaidh treoir maidir le cóir chomhionann, atá á chaibidliú ó 2008 i leith, iarrann CESE fós go mbeadh ionstraimí éifeachtúla ann chun an t-idirdhealú a chomhrac, lena n-áirítear lasmuigh de shaol na hoibre.

2.1.3. **Spriocanna fostaíochta agus imeascadh i margadh an tsaothair**: Ní mór bearta a dhéanamh chun a chur ar chumas na margaí saothair aghaidh a thabhairt ar an nganntanas saothair agus scileanna agus, ag an am céanna, díriú ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta a laghdú. Ní mór é a bheith d'aidhm ag beartais mhargadh an tsaothair daoine atá neamhghníomhach agus dífhostaithe a chur i mbun oibre, lena n-áirítear tríd an uasciliú agus an t-athsciliú a mhéadú agus trí dhreasachtaí a chur ar fáil chun an t-ath-imeascadh i margadh an tsaothair a fheabhsú agus tacaíocht leordhóthanach le haghaidh gníomhachtúcháin a thabhairt chun an filleadh tapa ar an bhfostaíocht a éascú. Tá ról ríthábhachtach ag seirbhísí poiblí fostaíochta éifeachtúla agus tá acmhainní leordhóthanacha agus foireann iomchuí ag teastáil ina leith. Ba cheart bearta sonracha agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas. D'fhonn cuspóir Phrionsabal 13 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun tosaigh, athdhearbhaíonn CESE an togra uaidh inar mhol sé go gcuirfí feabhas ar ghnéithe tábhachtacha i gcórais árachais dífhostaíochta na mBallstát, agus aird chuí á tabhairt ar na hinniúlachtaí éagsúla. Is éard a bheadh i gceist leis sin go ndéanfadh na Ballstáit, agus tacaíocht an Choimisiúin acu, caighdeáin a mheas agus a scrúdú le haghaidh na scéimeanna sin, lena n-áirítear glanrátaí athsholáthair níos airde, sochair a mhairfeadh tréimhse iomchuí, ráta cumhdaigh níos airde, mar aon le hoiliúint agus tacaíocht do chuardaitheoirí poist san aistriú isteach i margadh an tsaothair.

2.1.4. **Rialacháin slándála sóisialta a thabhairt cothrom le dáta**: Tathantaíonn CESE ar na Ballstáit an feabhsú ar chomhordú na rialála slándála sóisialta a chur i gcrích. Ba cheart a chur san áireamh leis sin na forbairtí sa mhargadh inmheánach agus saorghluaiseacht oibrithe chun cearta slándála sóisialta iniompartha a chosaint, ar cearta iad sin lena gceadaítear d'oibrithe trasteorann íoc isteach i sochair agus rochtain a fháil orthu ar bhealach rianúil laistigh den Aontas.

2.1.5. **Pacáiste an bheartais um aistriú cóir a neartú:** Athdhearbhaíonn CESE gur gá pacáiste éifeachtach beartais a thabhairt isteach don saol oibre d'fhonn tacaíocht a chur ar fáil agus an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas ar bun. Is éard atá i gceist leis sin athruithe a thuar agus a bhainistiú, idirphlé sóisialta agus cómhargáil a úsáid mar threoirphrionsabail agus tionscnaimh um aistriú cóir a chomhtháthú i gcur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an tSeimeastair Eorpaigh ([1]). Ní mór an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Sóisialta a chur chun feidhme ina iomláine ([2]).

([1]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra reachtach maidir le haistriú cóir agus uirlisí beartais AE a cheapadh chun gné shóisialta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a neartú (tuairim féintionscnaimh) (IO C, C/2025/772, 11.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/772/oj).

([2]) COM(2021) 778 final agus Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún — Building an economy that works for people: an action plan for the social economy [Geilleagar a thógáil a fhóireann do dhaoine: plean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta] (COM(2021) 778 final) (níl leagan Gaeilge ann) (IO C 323, 26.8.2022, lch. 38).

2.1.6. **Scileanna agus inniúlachtaí:** Le forbairt ghasta theicneolaíoch, an t-aistriú chuig an ngeilleagar glas agus an t-athrú déimeagrafach, is príomhthosca iad scileanna agus inniúlachtaí daoine ó thaobh an iomaíochais agus inbhuanaitheacht shamhail an mhargaidh shóisialta Eorpaigh de. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá gá le hathchóirithe uaillmhianacha sna córais náisiúnta oideachais agus oiliúna, athchóirithe atá le forbairt i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta.

2.1.7. **Rochtain ar oiliúint agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus infheistíocht iontu a chur chun cinn:** D'iarr CESE cheana féin go ndéanfaí rochtain ar oiliúint agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn mar cheart atá le feidhmiú ag gach duine aonair agus a aithnítear ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Cuirfidh sé sin ar chumas daoine coinneáil suas le forbairtí digiteacha agus intleachta saorga ([3]) agus dul i ngleic le hathruithe a thiocfaidh chun cinn i margadh an tsaothair mar gheall ar an aistriú glas. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin dóibh siúd is faide ón oiliúint agus ó mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear daoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna. Ní féidir spriocanna Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach gan tuilleadh infheistíochta poiblí agus príobháidí san oideachas agus gan tiomantas breise ó fhostóirí agus ó na comhpháirtithe sóisialta don fhoghlaim agus don oiliúint obairbhunaithe, rud atá ag dul i méid. Ina theannta sin, molann CESE do na Ballstáit creataí a bhunú chun tacaíocht airgeadais leordhóthanach a chur ar fáil chun an costas maireachtála a chumhdach trí theidlíochtaí ar liúntais, go háirithe le haghaidh tréimhsí níos faide oideachais agus oiliúna.

2.2. ***Dálaí córa oibre***

2.2.1. **Bochtaineacht lucht oibre a chomhrac:** Measann CESE nach mór ráta riosca na bochtaineachta maidir leis an lucht oibre a laghdú ar bhealach suntasach agus gurb iomaí toisc atá leis an mbochtaineacht sin. Chuige sin, tá gá le cur chuige iomlánaíoch, lena laghdófaí fostaíocht neamhchaighdeánach, lena n-áiritheofaí pá íosta leordhóthanach agus lena n-éascófaí aistriú níos fearr idir poist, lena ndéanfaí dálaí oibre a fheabhsú chomh maith le tuilleadh infheistíochta in oiliúint agus in uas-sciliú, go háirithe in earnálacha nach mbaineann táirgiúlacht ard leo. Ní mór tionscnaimh iomchuí a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun íoschaighdeáin chomhchoiteanna a leagan síos sna Ballstáit. Iarrann CESE go ndéanfaí an treoir maidir le pá íosta leordhóthanach a chur chun feidhme i gceart.

2.2.2. **Faireachán a dhéanamh ar dhálaí oibre cothroma agus iad a áirithiú, poist ardcháilíochta a chruthú agus obair neamhshlán a chomhrac:** Tá roinnt beart déanta cheana féin sa réimse sin. Ba cheart cur chun feidhme cuí, seiceálacha dlíthiúla agus riaracháin agus forfheidhmiú cuí a bheith ann ar an leibhéal náisiúnta chun a áirithiú go mbeidh poist sheasmhacha agus dálaí oibre sábháilte ag oibrithe, lena n-áirítear maidir le rioscaí nua ag an obair, le pá leormhaith agus intuartha agus guth eagraithe dea-fheidhmiúil san ionad oibre. Tá gá le tiomantas níos mó chun aghaidh a thabhairt ar dhálaí oibre cothroma agus cuibhiúla, go háirithe i bhfianaise éagsúlú leanúnach na gconarthaí, agus líon mór díobh ag baint le hobair neamhdhaingean agus neamhchaighdeánach. Tá feidhm aige sin go háirithe maidir leis an Treoir maidir le hObair Ardáin a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh uirthi. Ní mór tuilleadh béime a leagan ar phoist ardcháilíochta a chruthú, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt d'oiliúint, d'uas-sciliú, d'fhorbairt post atá bunaithe ar an teicneolaíocht nua agus d'aithint na fiontraíochta. Molann CESE 'sprioc bhreise maidir le poist ardcháilíochta' a leagan síos sa Phlean Gníomhaíochta agus molann sé don Choimisiún oibriú leis na comhpháirtithe sóisialta agus le Eurofound chun táscairí úsáideacha agus in-fhorfheidhmithe a anailísiú agus a fhorbairt sa réimse sin.

2.2.3. **Rochtain ar chórais sláinte/cúram sláinte ar ardchaighdeán agus foireann leordhóthanach san earnáil a áirithiú:** Ba cheart don Choimisiún cur leis an Straitéis Eorpach um Chúram, agus na Ballstáit a spreagadh chun níos mó infheistíochta a dhéanamh sa 'gheilleagar cúraim', i gcomhréir le rún EIS maidir le hobair chuibhiúil a chur chun cinn i ngeilleagar an chúraim ([4]). D'fhéadfadh tabhairt isteach moltaí uile-Aontais chun tacú leis na Ballstáit agus iad a threorú ina n-iarrachtaí feabhas a chur ar staid na ngairmithe cúraim sláinte trí phoist chuibhiúla a chruthú le pá cothrom agus samhlacha oiliúna tarraingteacha — agus tacaíocht ann i mbeartais imirce dhea-cheaptha — a bheith ina réiteach ar ghanntanais ollmhóra foirne. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú meántéarma ar na moltaí arna bhunú ar fhaireachán arna dhéanamh ar spriocanna Barcelona agus cuspóirí ginearálta athchóirithe fadtéarmacha an chúraim á gcomhlíonadh. Ina theannta sin, tá gá le tionscnaimh chun aghaidh a thabhairt ar an éiginnteacht fostaíochta agus infhostaitheacht na n-oibrithe tríd an oiliúint agus chun an rialú cáilíochta a chothú i réimse méadaitheach an chúraim fhadtéarmaigh agus an chúnaimh fhadtéarmaigh, trí, ar an gcéad dul síos, dul i ngleic le cleachtais ghnó éagóracha san earnáil sin atá ag teacht chun cinn, nuair is ann dóibh.

([3]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle — Treoirlínte do Bheartais Fostaíochta na mBallstát [COM(2023) 599 final — 2023/0173 (NLE)] (IO C, C/2023/870, 8.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/870/oj), 1.9, IO C 374, 16.9.2021, lch. 38, 2.1.7.

([4]) Rún ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), *Decent Work and the Care Economy moves ahead*.

2.2.4. **Sláinte agus sábháilteacht ag an obair a fheabhsú:** Tá gá le straitéisí coisctheacha, lena n-áirítear cothú feasachta, chun rioscaí ag an obair a mhaolú. An fhís atá ann nach bhfaigheadh aon duine bás agus nach ngortófaí aon duine ag an aonad oibre. Ní mór dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne galair cheirde, go háirithe maidir le táirgí agus substaintí carcanaigineacha, pataiginí nó oibreáin chontúirteacha. Agus tacaíocht leanúnach á tabhairt do chomhaontuithe deonacha, ba cheart faireachán leanúnach a dhéanamh ar an Treoir maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair agus é sin a dhéanamh le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na n-eolaithe.

2.2.5. **Aghaidh a thabhairt ar rioscaí nua ag an obair bunaithe ar chomhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta:** Fágann cosaint fheabhsaithe sláinte ag an obair go bhfuil cuideachtaí níos iomaíche. Baineann sé sin freisin le rioscaí nua agus le saincheisteanna meabhairshláinte, go háirithe a mhéid a bhaineann le teicneolaíochtaí nua a úsáid. Molann CESE an ceart chun dícheangail a urramú, rud a thugann cosaint d'oibrithe agus a d'fhéadfadh cur leis an táirgiúlacht freisin. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún treoir a mholadh maidir le rioscaí síceasóisialta. Ba cheart don Choimisiún oibleagáidí ceangailteacha a leagan síos chun rioscaí síceasóisialta a shainaithint trí mheasúnuithe riosca cuí, agus é sin a dhéanamh le rannpháirtíocht oibrithe agus ceardchumann. Tá rioscaí nua ag baint leis an athrú aeráide freisin agus ní mór aghaidh a thabhairt ar dhálaí oibre i gcásanna ina bhfuil daoine ag obair i dteochtaí foircneacha.

2.2.6. **Deiseanna fostaíochta agus cáilíocht na fostaíochta a fheabhsú do dhaoine óga:** D'iarr CESE arís agus arís eile go gcaithfí go cothrom le daoine óga sa mhargadh saothair ([5]), go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann leis an obair neamhchaighdeánach a mbíonn baint aici le héiginnteachtaí breise, lena n-áirítear fostaíocht neamhdheonach pháirtaimseartha agus shealadach. Ba cheart aghaidh a thabhairt sa Phlean Gníomhaíochta ar staid fostaíochta daoine óga, go háirithe daoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna ([6]), agus é sin a dhéanamh ó dhearcthaí éagsúla, amhail an t-aistriú ón oideachas go dtí an fhostaíocht, an gá atá le poist ardcháilíochta agus cosaint shóisialta leordhóthanach atá in ann daoine óga a chosaint fiú le linn tréimhsí nach bhfuil siad ag obair. I gcomhthéacs na Treorach maidir le Tréimhsí Oiliúna atá beartaithe, iarrann CESE go dtabharfaí isteach tionscnamh láidir dlíthiúil lena n-áiritheofaí nach gcuirfí oiliúnaithe a chaitheann tréimhsí ag obair as an áireamh a fhad a bhaineann sé le cearta oibrithe.

2.2.7. **Bearta maidir leis an intleacht shaorga dhuinelárnach:** Toisc gur féidir leis na córais intleachta saorga agus teicneolaíochtaí nua nach bhfuil ach ag teacht chun cinn scaipeadh go rábach, tá gá le cur chuige coisctheach lena sheachaint go mbeadh tionchar diúltach ag úsáid na dteicneolaíochtaí sin ar oibrithe. Ba cheart díriú sna tionscnaimh reachtacha ar na bearnaí a dhúnadh a fhad a bhaineann sé le cearta na n-oibrithe a chosaint san ionad oibre agus a áirithiú go mbeidh smacht ag daoine ar na hidirghníomhaíochtaí uile idir an duine agus an meaisín ([7]).

2.2.8. **Soghluaisteacht chothrom oibrithe a áirithiú:** Meabhraíonn CESE an iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa go ndéanfaí athbhreithniú ar shainordú an Údaráis Eorpaigh Saothair chun a chumhacht a neartú go suntasach. D'fhágfadh sé sin go mbeadh sé in ann imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe líomhnaithe nó ar neamhchur i bhfeidhm dhlí an Aontais agus fiosrúcháin agus cigireachtaí a thionscnamh agus a dhéanamh ar chásanna trasteorann ar a thionscnamh féin, tar éis fógra a thabhairt do na húdaráis náisiúnta inniúla.

2.3. *Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta*

2.3.1. Áirítear tograí mionsonraithe i dtuairimí eile ó CESE, go háirithe SOC/829 maidir le Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta. Áirítear leis sin bearta chun an méid a leanas a dhéanamh:

— iarrachtaí foriomlána a neartú chun deiseanna fostaíochta a mhéadú trí ghrúpaí leochaileacha a chumhachtú agus a chosaint;

— dul i ngleic le bochtaineacht leanaí agus le bochtaineacht daoine óga tríd an Ráthaíocht don Aos Óg agus an Ráthaíocht do Leanaí a chur chun feidhme go hiomlán sna Ballstáit, lena n-áirítear infheistíochtaí iomchuí i seirbhísí cúraim leanaí ardcháilíochta, inacmhainne agus inrochtana;

— bochtaineacht seanaoise, eisiamh sóisialta agus uaigneas a chomhrac agus a áirithiú nach gcuirfidh athchóirithe pinsean caighdeán maireachtála daoine scothaosta i mbaol, cé go bhfuil na hathchóirithe sin bunaithe ar inbhuanaitheacht airgeadais;

— seirbhísí leasa ghinearálta, lena n-áirítear fiontair phoiblí, phríobháideacha agus shóisialta, a chosaint trí infheistíochtaí spriocdhírithe;

([5]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An chóir chomhionann do dhaoine óga i margadh an tsaothair (tuairim féintionscnaimh) (IO C 293, 18.8.2023, lch. 48), *Workers' Rights for the XXI century* (Fóram Eorpach na nÓg, páipéar seasaimh 12/2024).

([6]) https://www.youthforum.org/policy-library/youth-guarantee-how-to-support-young-people-finding-a-pathway.

([7]) Tuairim ó CESE, *Measúnú ar thuarascálacha Letta agus Draghi maidir le feidhmiú agus iomaíochas Mhargadh Aonair an Aontais* (IO C, C/2025/2004, 30.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2004/oj), 10.3.

— beartais na mBallstát a chur chun cinn chun rochtain ar thithíocht shóisialta agus ar chúnamh tithíochta a áirithiú dóibh siúd atá i ngátar, chun sprioc tithíochta inacmhainne de chuid Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur ar bun agus chun an easpa dídine a chomhrac;

— rochtain chomhionann ar fhuinneamh a áirithiú agus slándáil an tsoláthair fuinnimh ar phraghsanna inacmhainne a ráthú;

— AccessibleEU ([8]) a athnuachan agus a neartú.

3. **Moltaí maidir le rialachas**

3.1. **Rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta:** Chuir CESE i bhfios go láidir i gcónaí go bhfuil ról lárnach ag an idirphlé sóisialta ar gach leibhéal maidir le sochaí chothrom agus chuimsitheach a chur chun cinn agus maidir le fás, táirgiúlacht, fostaíocht agus iomaíochas a fheabhsú. Tá CESE i bhfabhar páirt iomlán a bheith ag na geallsealbhóirí sóisialta i múnlú an bheartais shóisialta ón gceapadh go dtí an dearadh agus an próiseas cur chun feidhme, lena n-áirítear sna Ballstáit sin nár ráthaigh go leordhóthanach é go fóill. Ba cheart an ról sonrach atá ag na comhpháirtithe sóisialta a aithint agus a urramú go hiomlán i struchtúir an idirphlé shóisialta, agus é á chur san áireamh san am céanna gur próiseas ar leith é an t-idirphlé sibhialta lena mbaineann grúpa níos leithne geallsealbhóirí agus réimse níos leithne ábhar. Is díol sásaimh do CESE iarrachtaí an Choimisiúin deis a thabhairt do líon mór eagraíochtaí Eorpacha rannchuidiú i réimsí an bheartais shóisialta, amhail an tArdán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac (EPOCH). Ba cheart do EPOCH leanúint de bheith ina chuid de phróiseas cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Molann CESE ardáin eile atá bunaithe ar théamaí a bhunú ar aon dul leis an tsamhail sheanbhunaithe sin a bhfuil tástáil déanta uirthi.

3.2. **Cuspóirí sóisialta a phríomhshruthú** i ngach réimse beartais i gcomhréir leis an gclásal sóisialta cothrománach in Airteagal 9 CFAE.

3.3. **Comhionannas inscne a phríomhshruthú agus tús áite a thabhairt dó sa Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta**: Ba cheart an comhionannas inscne a phríomhshruthú go córasach sna 20 prionsabal faoin bPlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta d'fhonn torthaí beartais a bhaint amach a théann chun tairbhe do gach duine agus a dhéanann bearnaí inscne seasmhacha a dhúnadh. Molann CESE táscairí inscne-shonracha a áireamh sa Phlean Gníomhaíochta nua um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus sna buiséid a ghabhann leis.

3.4. Is díol mór spéise do CESE an tionscnamh ó Fhóram Eorpach na nÓg sásra um promhadh na hóige a chur san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta nua d'fhonn a mheas go córasach agus a áirithiú go bhfuil na beartais uile i gcomhréir le cearta sóisialta agus le dea-bhail daoine óga fud fad an Aontais agus go gcuirtear sin chun cinn go héifeachtach, rud lena n-áirithítear go bhfuil cearta daoine óga á gcur san áireamh agus go bhfuil cur chuige cuimsitheach ann chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla atá le freagairt ag daoine óga.

3.5. **Rialacha a shimpliú gan dochar a dhéanamh do na bunchuspóirí:** Aithníonn CESE an clár oibre a leag an Coimisiún Eorpach amach chun an reachtaíocht a shimpliú agus a chuíchóiriú agus na beartais a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí. Ba cheart tionscnaimh den sórt sin a chur chun feidhme ar shlí nach ndéanann dochar do na bunchuspóirí sóisialta.

3.6. **Nasc chuig an Seimeastar Eorpach:** Is díol sásaimh do CESE go ndearnadh bearta chun an nasc idir Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an comhordú agus an tuairisciú a chuirtear ar fáil leis an Seimeastar Eorpach a aithint agus a neartú, mar chuid lárnach de chreat rialachais shocheacnamaíoch an Aontais. Ba cheart an Seimeastar a úsáid chun comhordú níos fearr a dhéanamh agus chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar fud raon iomlán chuspóirí an Aontais. Aithníonn CESE an ról lárnach atá ag EPSCO i réimse na dtáscairí sóisialta.

3.7. **Cistiú ón Aontas le haghaidh chuspóirí an Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta:** Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí leithdháileadh foriomlán acmhainní ar CSE+ a mhéadú go coinníollach. Mar is amhlaidh i gcás an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, i gcás ina gceanglaítear ar na Ballstáit 37 % agus 20 % dá gcaiteachas a leithdháileadh ar gach réimse faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, ba cheart acmhainní a chur i leataobh do mhargadh an tsaothair agus le haghaidh caiteachas sóisialta agus infheistíochtaí sóisialta.

([8]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh agus an athléimneacht san Aontas Eorpach: dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta (Tústuairim arna hiarraidh ag Uachtaránacht na Seicia) (IO C 486, 21.12.2022, lch. 88), 1.1, 1.3.

3.8. **Spás fioscach chun infheistíocht a dhéanamh i gcaiteachas sóisialta:** Ní bheidh na Ballstáit in ann Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme mura mbeidh siad in ann borradh a chur faoi infheistíocht ollmhór chomhordaithe sa chaiteachas sóisialta agus sa bhonneagar sóisialta. Ní mór é sin a léiriú sa Seimeastar Eorpach, a ndearnadh coigeartú beag air chun freastal ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ní mór céimeanna breise a bhreithniú. Tá sé ráite ag CESE arís agus arís eile gur féidir tuilleadh infheistíochta poiblí a dhéanamh laistigh de na Ballstáit trí bhíthin 'riail óir', rud a d'fhágfadh go mbeadh níos mó solúbthachta i rialacha buiséid ([9]).

3.9. **An infheistíocht shóisialta:** Agus é á chur san áireamh gur minic a d'fhéadfadh an costas fadtéarmach a bhaineann le heaspa infheistíochta sóisialta a bheith i bhfad níos airde, athdhearbhaíonn CESE éifeachtaí dearfacha iomadúla na hinfheistíochta sóisialta. Ní mór infheistíochtaí sóisialta leathana dea-cheaptha lena ngabhann athchóirithe struchtúracha a bheith ina bpríomhghné de chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Is féidir leis sin torthaí suntasacha a ghiniúint i dtéarmaí fáis eacnamaíoch trína thionchar ar dhaoine agus ar tháirgiúlacht, lena n-áirítear cumas nuálaíochta níos láidre, glacadh teicneolaíochta nua agus deiseanna fostaíochta, agus iomaíochas cuimsitheach inbhuanaithe.

3.10. **Riachtanais Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a léiriú sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) eile:** Is deis é forbairt an chéad CAI eile chun tacú le hiarrachtaí an Aontais agus na mBallstát Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus, ag an am céanna, béim a choinneáil ar thosaíochtaí an Aontais. Is éard atá i gceist leis sin cistí a úsáid go comhsheasmhach agus an ról a imríonn Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a aithint mar chompás do chláir oibríochtúla agus ina uirlis chun tionchar na gCistí Struchtúracha agus Infheistíochta, CSE+ agus cheannteidil bhuiséid ábhartha eile an Aontais a mheas. D'áiritheofaí le coinníollacht shóisialta go rannchuideodh tionscadail go gníomhach le spriocanna sóisialta uileghabhálacha. Ní bhíonn rath ar an infheistíocht sa tslándáil ná sa chosaint má tá ilroinnt sa tsochaí. Ba cheart an ghné shóisialta den infheistíocht agus d'athchóirithe a bheith ina cuid lárnach den chlár oibre slándála ([10]). Níor cheart don Aontas agus do na Ballstáit araon infheistíocht shóisialta riachtanach a chur i mbaol ná a thréigean ar mhaithe le caiteachas méadaithe ar chosaint.

3.11. **An Scórchlár Sóisialta a mheasúnú agus a fhorbairt:** Ba cheart cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bheith bunaithe ar ghníomhaíochtaí atá intomhaiste agus ba cheart faireachán leanúnach a bheith ag gabháil leis trí úsáid a bhaint as an Scórchlár Sóisialta. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí mionchoigeartú ar an Scórchlár Sóisialta a úsáidtear sa Seimeastar. Ba cheart go nglacfadh na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta páirt sa díospóireacht sin, d'fhonn táscairí atá ann cheana a fheabhsú, agus más gá, táscairí nua a shainaithint chun faireachán a dhéanamh ar phrionsabail agus ar chearta uile Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ([11]).

3.12. **Úsáid éifeachtach a bhaint as an gCreat um Chóineasú Sóisialta (SCF):** Mar uirlis chun forbairtí náisiúnta fostaíochta agus beartais shóisialta a mhapáil agus a chur i gcomparáid le chéile ar bhealach struchtúrtha, agus chun a rianú an bhfuil beartais shóisialta á gcur chun feidhme agus á gcistiú i gceart, d'fhéadfadh sé go gcabhródh SCF le tíortha atá i mbaol teipe a shainaithint chun scrúdú níos dlúithe a dhéanamh orthu. Ní mór é a chomhtháthú níos fearr sa Seimeastar Eorpach chun rialtais a spreagadh chun gníomhú trí na moltaí tírshonracha faoi seach a chomhlíonadh.

3.13. **Bearta a bhfuil níos mó i gceist leo ná OTI a chur chun cinn mar bhearta leasa:** Chun comhtháthú sóisialta, cáilíocht saoil, dáileadh cothrom deiseanna agus acmhainní a thomhas agus chun eisiamh sóisialta agus cultúrtha a laghdú, tá gá le táscairí atá níos oiriúnaí agus níos iomlánaíche ná OTI. Tá sé curtha in iúl go soiléir ag CESE cheana féin gur cheart cur chuige nua a ghlacadh i bpróiseas rialachais na hEorpa atá dírithe ar dhea-bhail na saoránach agus ar an rathúnas. Tacaíonn CESE leis na tograí ó na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha le haghaidh táscairí nua lena gcomhlánaítear OTI sna réimsí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil ([12]), agus d'iarr sé go mbeadh scórchlár 'Bearta a bhfuil níos mó i gceist leo ná OTI' ann ([13]).

([9]) IO C 227, 28.6.2018, lch. 1, 1.8 agus 3.6; IO C 327, 12.11.2013, lch. 11; IO C 227, 28.6.2018, lch. 95, 1.4; IO C 226, 16.7.2014, lch. 21; IO C 262, 25.7.2018, lch. 1, 3.14; IO C 190, 5.6.2019, lch. 24, 1.8; IO C 262, 25.7.2018, lch. 1, 1.4; IO C 14, 15.1.2020, lch. 1, 1.7, 2.7.2.

([10]) Rún ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Dul chun cinn daonlathach an Aontais a leagan amach: rún don chéad sainordú reachtach eile (IO C, C/2024/6861, 28.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6861/oj).

([11]) Maidir leis an Scórchlár a) níl sonraí imdhealaithe bunaithe ar shaintréithe éagsúla ann, amhail inscne, aois, eitneacht agus stádas socheacnamaíoch, rud a thomhaisfeadh tionchar na mbeartas ar ghrúpaí éagsúla i gcásanna leochaileacha ar bhealach níos éifeachtaí; b) níor cheart go ndéanfadh sé ach amháin na Ballstáit a chur i gcomparáid le meánluachanna an Aontais ó thaobh na dtíortha is fearr agus is measa de. Ina ionad sin, ba cheart dó an dul chun cinn a thomhas de réir spriocanna cainníochtúla náisiúnta uaillmhianacha: c) níl táscairí ann maidir le príomhghnéithe (e.g. maidir le cruthú post tríd an ngeilleagar sóisialta do ghrúpaí i staideanna leochaileacha, maidir le hidirphlé sóisialta, cómhargáil agus rannpháirtíocht oibrithe, maidir le heaspa dídine), tá táscairí eile rótheoranta (e.g. cearta daoine faoi mhíchumas, táscaire atá in easnamh thar an mbearna fostaíochta); d) tá éagothromaíochtaí suntasacha ann idir nósanna imeachta bailithe sonraí na mBallstát, agus béim á leagan ar an ngá atá le níos mó a dhéanamh chun próisis a chaighdeánú agus chun sonraí tráthúla, cruinne agus inchomparáide a áirithiú; e) sa chleachtas, tá sé fós faoi réir Scórchlár an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha ó thaobh tosaíochtaí polaitiúla de.

([12]) OTI a fhorlíonadh mar bheart leasa.

([13]) IO C 152, 6.4.2022, lch. 7.

3.14. **Úsáid a bhaint as nósanna imeachta an tsoláthair phoiblí:** Tá CESE ag tathant go gcuirfí níos mó béime ar an rannchuidiú a d'fhéadfadh rialacha an tsoláthair phoiblí a dhéanamh chun feabhas a chur ar chur i bhfeidhm agus ar fhorfheidhmiú an dlí saothair agus shóisialta atá ann cheana ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta ([14]). Le coinníollacha agus rialacha coiteanna comhchuibhithe le haghaidh dhlí na tsoláthair phoiblí san Aontas, ba cheart deireadh a chur leis an iomaíocht is ísle agus a áirithiú go mbeidh sé d'oibleagáid ar údaráis chonarthacha phoiblí critéir shóisialta agus chomhshaoil a chur san áireamh i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus conarthaí á ndámhachtain. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go leathnófaí na ceanglais dhámhachtana i dtreoracha soláthair an Aontais chun gnéithe sóisialta, lena n-áirítear an chómhargáil, a chur san áireamh.

An Bhruiséil, an 18 Meitheamh 2025.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([14]) IO C 374, 16.9.2021, lch. 38, 1.23, 2.5.3.

FOSCRÍBHINN I

LORG REACHTACH

LIOSTA DE NA hIONADAITHE SAINLEASA ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Is ar bhonn deonach faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a tarraingíodh suas an liosta seo a leanas. Fuair an rapóirtéir ionchur ó na hionadaithe sainleasa seo a leanas (eagraíochtaí agus/nó daoine féinfhostaithe) agus tuairim SOC/822 'Plean Gníomhaíochta nua maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta' á hullmhú:

European Committee of Regions
Directorate-General for Employment, Social Affairs and Inclusion of the European Commission
Eurofound
Eurodiaconia
European Trade Union Confederation (ETUC)
Members of the European Parliament
PANTEIA
Social Platform

Misean chun na Fionlainne

Employers' organisations: The Federation of Finnish Enterprises (Suomen Yrittäjät), Confederation of Finnish Industries (EK)
Workers' organisations: Confederation of Unions for Professional and Managerial Staff in Finland (Akava), The Finnish Confederation of Professionals (STTK), The Central Organisation of Finnish Trade Unions (SAK)
Civil society organisations: Into ry (Outreach Youth Work and Workshop Activities), SOSTE Finnish Federation for Social Affairs and Health, The Finnish National Organisation of the Unemployed
Public Authorities: Ministry of Education, Ministry of Social Affairs and Health

Misean chun na Slóivéine

Employers' organisations: Association of Employers of Slovenia (ZDS), The Chamber of Craft and Small Business of Slovenia (OZS)
Workers' organisations: Confederation of Trade Unions of Slovenia (PERGAM), Confederation of the Public Sector Trade Unions of Slovenia (KSJS), The Association of Free Trade Unions of Slovenia (ZSSS)
Civil society organisations: Zavod Pelikan, Slovenska univerza za Tretje življenjsko obdobje
Public Authorities: State Secretary of Labour, Family, Social Affairs and Equal Opportunities, State secretary for internationalization, entrepreneurship, development resources and tourism

Éisteacht Phoiblí i dtaobh an Phlean Gníomhaíochta nua maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta ([1])

Painéal 1 — Plean Gníomhaíochta nua maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta

Business Europe
SMEunited
European Trade Union Confederation (ETUC)
Social Platform
Directorate-General for Employment, Social Affairs and Inclusion of the European Commission
PANTEIA

Painéal 2 — Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta

United Nations, Office of the High Commissioner for Human Rights
Directorate-General for Employment, Social Affairs and Inclusion of the European Commission
Member of the European Parliament
European Network of Public Employment Services
Tilburg University
European Anti-Poverty Network

([1]) https://www.eesc.europa.eu/en/agenda/our-events/events/joint-public-hearing-new-action-plan-implementation-european-pillar-social-rights-and-eu-anti-poverty-strategy.

FOSCRÍBHINN II

Le linn na díospóireachta, diúltaíodh do na leasuithe seo a leanas a raibh an ceathrú cuid ar a laghad de na vótaí arna gcaitheamh ar a son (Riail 74(3) de na Rialacha Nós Imeachta):

LEASÚ 3

Arna chur síos ag:

ARDHE Christian
BLIJLEVENS René
CLEVER Peter
DANISMAN Mira-Maria
KRAWCZYK Jacek
MINCHEVA Mariya
MISSLBECK-WINBERG Christiane
POTTIER Jean-Michel
SAMMUT BONNICI Dolores
SCHWENG Christa
SMOLE Jože
SÕBER Kristi
SOETE Paul
YGLESIAS Isabel

SOC/822
Plean Gníomhaíochta nua maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta

Pointe 2.1.7

Le leasú mar a leanas:

An tuairim ón rannóg	Leasú
Rochtain ar oiliúint agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus infheistíocht iontu a chur chun cinn: D'iarr CESE cheana féin go ndéanfaí rochtain ar oiliúint agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn ***mar cheart atá le feidhmiú ag gach duine aonair agus a aithnítear ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta***. Cuirfidh sé sin ar chumas daoine coinneáil suas le forbairtí digiteacha agus intleachta saorga[***1***] agus dul i ngleic le hathruithe a thiocfaidh chun cinn i margadh an tsaothair mar gheall ar an aistriú glas. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin dóibh siúd is faide ón oiliúint agus ó mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear daoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna. Ní féidir spriocanna Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach gan tuilleadh infheistíochta poiblí agus príobháidí san oideachas agus gan níos mó tiomantais ó fhostóirí agus ó na comhpháirtithe sóisialta don fhoghlaim agus don oiliúint obairbhunaithe mhéadaithe. Ina theannta sin, molann CESE do na Ballstáit creataí ***a bhunú*** chun tacaíocht airgeadais leordhóthanach a chur ar fáil chun an costas maireachtála a chumhdach trí theidlíochtaí ar liúntais, go háirithe le haghaidh tréimhsí níos faide oideachais agus oiliúna. [1] IO C, C/2023/870, 1.9, IO C 374, 16.9.2021, lch. 38, 2.1.7.	Rochtain ar oiliúint agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus infheistíocht iontu a chur chun cinn: D'iarr CESE cheana féin go ndéanfaí rochtain ar oiliúint agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn ***lena áirithiú go mbeadh rochtain ag gach duine ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil ag gach céim agus gach pointe aistrithe den saol agus den saol gairmiúil[1]***. Cuirfidh sé sin ar chumas daoine coinneáil suas le forbairtí digiteacha agus intleachta saorga[***2***] agus dul i ngleic le hathruithe a thiocfaidh chun cinn i margadh an tsaothair mar gheall ar an aistriú glas. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin dóibh siúd is faide ón oiliúint agus ó mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear daoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna. Ní féidir spriocanna Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach gan tuilleadh infheistíochta poiblí agus príobháidí san oideachas agus gan níos mó tiomantais ó fhostóirí agus ó na comhpháirtithe sóisialta don fhoghlaim agus don oiliúint obairbhunaithe mhéadaithe. Ina theannta sin, molann CESE do na Ballstáit creataí ***a bhreithniú*** chun tacaíocht airgeadais leordhóthanach a chur ar fáil chun an costas maireachtála a chumhdach trí theidlíochtaí ar liúntais, go háirithe le haghaidh tréimhsí níos faide oideachais agus oiliúna. ***[1] SOC/774, pointe 3.2.*** ***[2]*** IO C, C/2023/870, 1.9, IO C 374, 16.9.2021, lch. 38, 2.1.7.

Cúis

A mhéid a bhaineann leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, moltar foclaíocht atá bunaithe ar SOC/774 *An pacáiste maidir le scileanna digiteacha agus oideachas digiteach* a úsáid. Ós rud é go bhfuil samhlacha oiliúna éagsúla ann ó Bhallstát go chéile, ba cheart é a fhágáil faoi na Ballstáit go sonrach a úsáidí atá aon chreat nua a mheas.

Toradh na vótála

Ar son: 95

In aghaidh: 110

Staonadh: 5

LEASÚ 4

Arna chur síos ag:

ARDHE Christian
BLIJLEVENS René
CLEVER Peter
DANISMAN Mira-Maria
KRAWCZYK Jacek
MINCHEVA Mariya
MISSLBECK-WINBERG Christiane
POTTIER Jean-Michel
SAMMUT BONNICI Dolores
SCHWENG Christa
SMOLE Jože
SOBER Kristi
SOETE Paul
YGLESIAS Isabel

SOC/822
Plean Gníomhaíochta nua maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta

Pointe 2.2.1

Le leasú mar a leanas:

An tuairim ón rannóg	Leasú
Bochtaineacht lucht oibre a chomhrac: Measann CESE nach mór ráta riosca na bochtaineachta maidir leis an lucht oibre a laghdú ar bhealach suntasach agus gurb iomaí toisc atá leis an mbochtaineacht sin. Chuige sin, tá gá le cur chuige iomlánaíoch, lena ***laghdófaí fostaíocht neamhchaighdeánach***, lena n-áiritheofaí pá íosta leordhóthanach agus lena n-éascófaí aistriú níos fearr idir poist, lena ndéanfaí dálaí oibre a fheabhsú chomh maith le tuilleadh infheistíochta in oiliúint agus in uas-sciliú, go háirithe in earnálacha nach mbaineann táirgiúlacht ard leo. ***Ní mór tionscnaimh*** iomchuí ***a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun íoschaighdeáin chomhchoiteanna a leagan síos sna*** Ballstáit. Iarrann CESE go ndéanfaí an treoir maidir le pá íosta leordhóthanach a chur chun feidhme i gceart.	Bochtaineacht lucht oibre a chomhrac: Measann CESE nach mór ráta riosca na bochtaineachta maidir leis an lucht oibre a laghdú ar bhealach suntasach agus gurb iomaí toisc atá leis an mbochtaineacht sin. ***Saincheist chasta is ea bochtaineacht an lucht oibre.*** Chuige sin, tá gá le cur chuige iomlánaíoch, lena ***ndéanfaí cineálacha oibre cothroma agus éagsúla a chur chun cinn***, lena n-áiritheofaí pá íosta leordhóthanach agus lena n-éascófaí aistriú níos fearr idir poist, lena ndéanfaí dálaí oibre a fheabhsú chomh maith le tuilleadh infheistíochta in oiliúint agus in uas-sciliú, go háirithe in earnálacha nach mbaineann táirgiúlacht ard leo. ***Maidir leis sin, ba cheart cuimhneamh ar thionscnaimh*** iomchuí ***chun tacú leis na*** Ballstáit ***agus na comhpháirtithe sóisialta***. Iarrann CESE go ndéanfaí an treoir maidir le pá íosta leordhóthanach a chur chun feidhme i gceart.

Cúis

Ba cheart a chur i bhfáth gur feiniméan casta í an bhochtaineacht lucht oibre. Ba cheart a mheabhrú go bhfuil ról lárnach i gcur chuige iomlánaíoch ag an teacht a bhíonn ag duine ar chineálacha éagsúla fostaíochta. Níl aon chomhaontú ann in CESE maidir le híoschaighdeáin chomhchoiteanna a leagan síos ar leibhéal an Aontais agus, dá bhrí sin, ní mór an fhoclaíocht a bheith níos caolchúisí.

Toradh na vótála

Ar son: 94

In aghaidh: 128

Toradh na vótála

Staonadh: 6

LEASÚ 5

Arna chur síos ag:

ARDHE Christian
BLIJLEVENS René
CLEVER Peter
DANISMAN Mira-Maria
KRAWCZYK Jacek
MINCHEVA Mariya
MISSLBECK-WINBERG Christiane
POTTIER Jean-Michel
SAMMUT BONNICI Dolores
SCHWENG Christa
SMOLE Jože
SÕBER Kristi
SOETE Paul
YGLESIAS Isabel

SOC/822
Plean Gníomhaíochta nua maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta

Pointe 2.2.2

Le leasú mar a leanas:

An tuairim ón rannóg	Leasú
Faireachán a dhéanamh ar dhálaí oibre cothroma agus iad a áirithiú, poist ardcháilíochta a chruthú agus obair neamhshlán a chomhrac: Tá roinnt beart déanta cheana féin sa réimse sin. Ba cheart cur chun feidhme cuí, seiceálacha dlíthiúla agus riaracháin agus forfheidhmiú cuí a bheith ann ar an leibhéal náisiúnta chun a áirithiú go mbeidh poist ***sheasmhacha*** agus dálaí oibre sábháilte ag oibrithe, lena n-áirítear maidir le rioscaí nua ag an obair, le pá leormhaith ***agus intuartha*** agus guth eagraithe dea-fheidhmiúil san ionad oibre. Tá gá le tiomantas níos mó chun aghaidh a thabhairt ar dhálaí oibre cothroma agus cuibhiúla, go háirithe i bhfianaise éagsúlú leanúnach na gconarthaí, agus ***líon mór díobh ag baint le hobair neamhdhaingean agus neamhchaighdeánach***. Tá feidhm aige sin go háirithe maidir leis an Treoir maidir le hObair Ardáin a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh uirthi. Ní mór tuilleadh béime a leagan ar phoist ardcháilíochta a chruthú, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt d'oiliúint, d'uas-sciliú, d'fhorbairt post atá bunaithe ar an teicneolaíocht nua agus d'aithint na fiontraíochta. Molann CESE ***'sprioc bhreise maidir le poist ardcháilíochta' a leagan síos sa Phlean Gníomhaíochta agus molann sé*** don Choimisiún oibriú leis na comhpháirtithe sóisialta agus le Eurofound chun táscairí úsáideacha agus in-fhorfheidhmithe a anailísiú agus a fhorbairt sa réimse sin.	Faireachán a dhéanamh ar dhálaí oibre cothroma agus iad a áirithiú, poist ardcháilíochta a chruthú agus obair neamhshlán a chomhrac: Tá roinnt beart déanta cheana féin sa réimse sin. Ba cheart cur chun feidhme cuí, seiceálacha dlíthiúla agus riaracháin agus forfheidhmiú cuí a bheith ann ar an leibhéal náisiúnta chun a áirithiú go mbeidh poist ***inbhuanaithe*** agus dálaí oibre sábháilte ag oibrithe, lena n-áirítear maidir le rioscaí nua ag an obair, le pá leormhaith ***agus sásraí trédhearcacha intuartha chun pá a shocrú*** agus guth eagraithe dea-fheidhmiúil san ionad oibre. Tá gá le tiomantas níos mó chun aghaidh a thabhairt ar dhálaí oibre cothroma agus cuibhiúla, go háirithe i bhfianaise éagsúlú leanúnach na gconarthaí, agus ***aird chuí á tabhairt ar riachtanais na n-oibrithe agus na bhfostóirí***. Tá feidhm aige sin go háirithe maidir leis an Treoir maidir le hObair Ardáin a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh uirthi. Ní mór tuilleadh béime a leagan ar phoist ardcháilíochta a chruthú, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt d'oiliúint, d'uas-sciliú, d'fhorbairt post atá bunaithe ar an teicneolaíocht nua agus d'aithint na fiontraíochta. Molann CESE don Choimisiún oibriú leis na comhpháirtithe sóisialta agus le Eurofound chun táscairí úsáideacha agus in-fhorfheidhmithe a anailísiú agus a fhorbairt sa réimse sin.

Cúis

In ionad tagairt a dhéanamh do 'poist sheasmhacha', ba cheart díriú ar infhostaitheacht oibrithe a áirithiú. Ba cheart éagsúlú conarthaí a chur in iúl ar bhealach ní ba dhearfaí, ní ba chothroime agus ní ba chuidithí. Ar deireadh, níl aon chomhaontú ann maidir le sprioc bhreise a mholadh maidir le 'poist ardcháilíochta'. Thairis sin, in ionad tagairt a dhéanamh do phá trédhearcach, is féidir tagairt a dhéanamh don mhéid a luaitear i bPrionsabal 6 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, eadhon 'Socrófar gach pá ar bhealach trédhearcach intuartha de réir na gcleachtas náisiúnta agus urraim á tabhairt do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta'.

Toradh na vótála

Ar son: 93

In aghaidh: 125

Staonadh: 5

LEASÚ 7

Arna chur síos ag:

ARDHE Christian
BLIJLEVENS René
CLEVER Peter
DANISMAN Mira-Maria
KRAWCZYK Jacek
MINCHEVA Mariya
MISSLBECK-WINBERG Christiane
POTTIER Jean-Michel
SAMMUT BONNICI Dolores
SCHWENG Christa
SMOLE Jože
SÕBER Kristi
SOETE Paul
YGLESIAS Isabel

SOC/822
Plean Gníomhaíochta nua maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta

Pointe 2.2.5

Le leasú mar a leanas:

An tuairim ón rannóg	Leasú
Aghaidh a thabhairt ar rioscaí nua ag an obair bunaithe ar chomhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta: Fágann cosaint fheabhsaithe sláinte ag an obair go bhfuil cuideachtaí níos iomaíche. Baineann sé sin freisin le rioscaí nua agus le saincheisteanna meabhairshláinte, go háirithe a mhéid a bhaineann le teicneolaíochtaí nua a úsáid. ***Molann*** CESE ***an ceart chun dícheangail a urramú, rud a thugann cosaint d'oibrithe agus a d'fhéadfadh cur leis an táirgiúlacht freisin. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún treoir a mholadh maidir le rioscaí síceasóisialta. Ba cheart don Choimisiún oibleagáidí ceangailteacha a leagan síos chun rioscaí síceasóisialta a shainaithint trí mheasúnuithe riosca cuí, agus é sin a dhéanamh le rannpháirtíocht oibrithe agus ceardchumann***. Tá rioscaí nua ag baint leis an athrú aeráide freisin agus ní mór aghaidh a thabhairt ar dhálaí oibre i gcásanna ina bhfuil daoine ag obair i dteochtaí foircneacha.	Aghaidh a thabhairt ar rioscaí nua ag an obair bunaithe ar chomhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta: Fágann cosaint fheabhsaithe sláinte ag an obair go bhfuil cuideachtaí níos iomaíche. Baineann sé sin freisin le rioscaí nua agus le saincheisteanna meabhairshláinte, go háirithe a mhéid a bhaineann le teicneolaíochtaí nua a úsáid. ***Athdhearbhaíonn*** CESE ***go dtacódh sé leis dá seolfadh an Coimisiún tionscnaimh neamhreachtacha maidir leis an meabhairshláinte ag an obair agus maidir le rioscaí síceasóisialta ag an obair a chosc, i gcomhréir leis an gCreat Straitéiseach maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2021-2027***. Tá rioscaí nua ag baint leis an athrú aeráide freisin agus ní mór aghaidh a thabhairt ar dhálaí oibre i gcásanna ina bhfuil daoine ag obair i dteochtaí foircneacha.

Cúis

Níl aon chomhaontú ann in CESE maidir leis an ngá atá le reachtaíocht le haghaidh rioscaí síceasóisialta. Dá bhrí sin, ba cheart do CESE a chur in iúl go dtacódh sé leis dá seolfadh an Coimisiún tionscnaimh neamhreachtacha maidir leis an meabhairshláinte ag an obair agus maidir le rioscaí síceasóisialta ag an obair a chosc, i gcomhréir leis an gCreat Straitéiseach maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2021-2027. Ina theannta sin, mar a léirítear i roinnt tuairimí ó CESE, níl aon chomhaontú ann maidir leis an gceart dlíthiúil atá ag oibrithe chun dícheangail.

Toradh na vótála

Ar son: 93

In aghaidh: 127

Staonadh: 2

LEASÚ 8

Arna chur síos ag:

ARDHE Christian
BLIJLEVENS René
CLEVER Peter
DANISMAN Mira-Maria
KRAWCZYK Jacek
MINCHEVA Mariya
MISSLBECK-WINBERG Christiane
POTTIER Jean-Michel
SAMMUT BONNICI Dolores
SCHWENG Christa
SMOLE Jože
SÕBER Kristi
SOETE Paul
YGLESIAS Isabel

SOC/822
Plean Gníomhaíochta nua maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta

Pointe 2.2.6

Le leasú mar a leanas:

An tuairim ón rannóg	Leasú
Deiseanna fostaíochta agus cáilíocht na fostaíochta a fheabhsú do dhaoine óga: D'iarr CESE arís agus arís eile go gcaithfí go cothrom le daoine óga sa mhargadh saothair[1], ***go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar*** na rioscaí a bhaineann leis an obair ***neamhchaighdeánach a mbíonn baint aici le héiginnteachtaí breise, lena n-áirítear*** fostaíocht neamhdheonach pháirtaimseartha ***agus shealadach***. ***Ba*** cheart aghaidh a thabhairt sa Phlean Gníomhaíochta ar staid fostaíochta daoine óga, go háirithe daoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna***[2]***, agus é sin a dhéanamh ó dhearcthaí éagsúla, amhail an t-aistriú ón oideachas go dtí an fhostaíocht, an gá atá le poist ardcháilíochta agus cosaint shóisialta leordhóthanach atá in ann daoine óga a chosaint fiú le linn tréimhsí nach bhfuil siad ag obair. ***I gcomhthéacs na Treorach maidir*** le ***Tréimhsí Oiliúna atá beartaithe, iarrann CESE go dtabharfaí isteach tionscnamh láidir dlíthiúil lena n-áiritheofaí nach gcuirfí oiliúnaithe a chaitheann tréimhsí ag obair as an áireamh a fhad a bhaineann sé le cearta oibrithe***.	Deiseanna fostaíochta agus cáilíocht na fostaíochta a fheabhsú do dhaoine óga: D'iarr CESE arís agus arís eile go gcaithfí go cothrom le daoine óga sa mhargadh saothair[1], ***lena n-áirítear*** na rioscaí a bhaineann leis an obair neamhdheonach pháirtaimseartha. ***Foráiltear le Treoir 2000/78/AE do chreat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha, creat atá fós oiriúnach don fheidhm atá leis[2]. Toisc a lán riachtanas a bhaineann leis an obair shealadach a bheith ag oibrithe agus ag fostóirí, ba*** cheart aghaidh a thabhairt sa Phlean Gníomhaíochta ar staid fostaíochta daoine óga, go háirithe daoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna, agus é sin a dhéanamh ó dhearcthaí éagsúla, amhail an t-aistriú ón oideachas go dtí an fhostaíocht ***agus an fhiontraíocht***, an gá atá le poist ardcháilíochta agus cosaint shóisialta leordhóthanach atá in ann daoine óga a chosaint fiú le linn tréimhsí nach bhfuil siad ag obair. ***Tacaíonn CESE freisin*** le ***hathbhreithniú a dhéanamh ar an moladh maidir le tréimhsí oiliúna***.

An tuairim ón rannóg	Leasú
[1] IO C 293, 18.8.2023, lch. 48, ***Workers' Rights for the XXI century (Fóram Eorpach na nÓg, páipéar seasaimh 12/2024)***.	[1] IO C 293, 18.8.2023, lch. 48.
[2] ***https:// www.youthforum.org/policy-library/youth-guarantee-how-to-support-young-people-finding-a-pathway***.	[2] ***SOC/721, IO C 293, 18.8.2023, lch. 48, pointe 5.1.***

Cúis

Maidir leis an gcóir chomhionann, tá sé beartaithe tagairt a dhéanamh do Threoir 2000/78 maidir leis an neamh-idirdhealú san fhostaíocht agus don ráiteas a rinneadh in SOC/721 (atá luaite freisin i bhfonóta 8). Lena chois sin, ba cheart tagairt a dhéanamh do na riachtanais atá ag oibrithe agus ag fostóirí a fhad a bhaineann sé le hobair shealadach agus a thábhachtaí atá sé díriú freisin ar an aistriú go fiontraíocht. Níl aon chomhdhearcadh ann maidir leis an iarraidh tionscnamh reachtach láidir a ullmhú maidir le tréimhsí oiliúna. Ina ionad sin, ba cheart a chur in iúl go dtacaíonn CESE leis an athbhreithniú ar an moladh ón gComhairle maidir le tréimhsí oiliúna. Ar deireadh, an tagairt a cuireadh leis an bhfonóta, is éard atá i gceist inti lear mór tograí ó Fhóram na nÓg, rudaí nár pléadh i gceart riamh sna céimeanna éagsúla agus an tuairim seo á hullmhú.

Toradh na vótála

Ar son: 90

In aghaidh: 131

Staonadh: 4

LEASÚ 9

Arna chur síos ag:

ARDHE Christian
BLIJLEVENS René
CLEVER Peter
DANISMAN Mira-Maria
KRAWCZYK Jacek
MINCHEVA Mariya
MISSLBECK-WINBERG Christiane
POTTIER Jean-Michel
SAMMUT BONNICI Dolores
SCHWENG Christa
SMOLE Jože
SÕBER Kristi
SOETE Paul
YGLESIAS Isabel

SOC/822
Plean Gníomhaíochta nua maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta

Pointe 2.2.7

Le leasú mar a leanas:

An tuairim ón rannóg	Leasú
Bearta maidir leis an intleacht shaorga dhuinelárnach: Toisc gur féidir leis na córais intleachta saorga agus teicneolaíochtaí nua nach bhfuil ach ag teacht chun cinn	Bearta maidir leis an intleacht shaorga dhuinelárnach: Toisc gur féidir leis na córais intleachta saorga agus teicneolaíochtaí nua nach bhfuil ach ag teacht chun cinn

An tuairim ón rannóg	Leasú
scaipeadh go rábach, tá gá le cur chuige coisctheach lena sheachaint go mbeadh tionchar diúltach ag úsáid na dteicneolaíochtaí sin ar oibrithe. ***Ba cheart díriú sna tionscnaimh reachtacha ar na bearnaí a dhúnadh a fhad a bhaineann sé le cearta na n-oibrithe a chosaint san ionad oibre agus*** a áirithiú go ***mbeidh smacht ag daoine ar na hidirghníomhaíochtaí uile idir an*** duine ***agus an meaisín[1]***. ***[1] Tuairim ó CESE, Measúnú ar thuarascálacha Letta agus Draghi maidir le feidhmiú agus iomaíochas Mhargadh Aonair an Aontais, 10.3.***	scaipeadh go rábach, tá gá le cur chuige coisctheach lena sheachaint go mbeadh tionchar diúltach ag úsáid na dteicneolaíochtaí sin ar oibrithe. ***Agus an intleacht shaorga á forbairt, á himlonnú agus á húsáid, tá sé thar a bheith tábhachtach*** a áirithiú go ***gcloítear i gcónaí leis an bprionsabal go bhfuil*** duine ***i gceannas***.

Cúis

Is éard atá á mholadh téacs níos ginearálta a bheith ann agus tagairt a dhéanamh don ghá atá lena áirithiú go leanfaidh forbairt, imscaradh agus úsáid na hintleachta saorga an prionsabal go bhfuil duine i gceannas i gcónaí.

Toradh na vótála

Ar son: 90

In aghaidh: 130

Staonadh: 5

LEASÚ 10

Arna chur síos ag:
ARDHE Christian
BLIJLEVENS René
CLEVER Peter
DANISMAN Mira-Maria
KRAWCZYK Jacek
MINCHEVA Mariya
MISSLBECK-WINBERG Christiane
POTTIER Jean-Michel
SAMMUT BONNICI Dolores
SCHWENG Christa
SMOLE Jože
SÕBER Kristi
SOETE Paul
YGLESIAS Isabel

SOC/822
Plean Gníomhaíochta nua maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta

Pointe 2.3.1

Le leasú mar a leanas:

An tuairim ón rannóg	Leasú
Áirítear tograí mionsonraithe i dtuairimí eile ó CESE, go háirithe SOC/829 maidir le Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta. Áirítear leis sin bearta chun an méid a leanas a dhéanamh: — iarrachtaí foriomlána a neartú chun deiseanna fostaíochta a mhéadú trí ghrúpaí leochaileacha a chumhachtú agus a chosaint;	Áirítear tograí mionsonraithe i dtuairimí eile ó CESE, go háirithe SOC/829 maidir le Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta. Áirítear leis sin bearta chun an méid a leanas a dhéanamh: — iarrachtaí foriomlána a neartú chun deiseanna fostaíochta a mhéadú trí ghrúpaí leochaileacha a chumhachtú agus a chosaint;

An tuairim ón rannóg	Leasú
— dul i ngleic le bochtaineacht leanaí agus le bochtaineacht daoine óga tríd an Ráthaíocht don Aos Óg agus an Ráthaíocht do Leanaí a chur chun feidhme go hiomlán sna Ballstáit, lena n-áirítear infheistíochtaí iomchuí i seirbhísí cúraim leanaí ardcháilíochta, inacmhainne agus inrochtana;	— dul i ngleic le bochtaineacht leanaí agus le bochtaineacht daoine óga tríd an Ráthaíocht don Aos Óg agus an Ráthaíocht do Leanaí a chur chun feidhme go hiomlán sna Ballstáit, lena n-áirítear infheistíochtaí iomchuí i seirbhísí cúraim leanaí ardcháilíochta, inacmhainne agus inrochtana;
— bochtaineacht seanaoise, eisiamh sóisialta agus uaigneas a chomhrac agus a áirithiú nach ***gcuirfidh*** athchóirithe pinsean ***caighdeán*** maireachtála daoine scothaosta ***i mbaol***, cé go bhfuil na hathchóirithe sin bunaithe ar inbhuanaitheacht airgeadais;	— bochtaineacht seanaoise, eisiamh sóisialta agus uaigneas a chomhrac agus a áirithiú nach ***mbeidh tionchar díréireach ag*** athchóirithe pinsean ***ar chaighdeán*** maireachtála daoine scothaosta, cé go bhfuil na hathchóirithe sin bunaithe ar inbhuanaitheacht airgeadais;
— seirbhísí leasa ghinearálta, lena n-áirítear fiontair phoiblí, phríobháideacha agus shóisialta, a chosaint trí infheistíochtaí spriocdhírithe;	— seirbhísí leasa ghinearálta, lena n-áirítear fiontair phoiblí, phríobháideacha agus shóisialta, a chosaint trí infheistíochtaí spriocdhírithe;
— beartais na mBallstát a chur chun cinn chun rochtain ar thithíocht shóisialta agus ar chúnamh tithíochta a áirithiú dóibh siúd atá i ngátar, ***chun sprioc tithíochta*** inacmhainne ***de chuid Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur ar bun*** agus ***chun*** an easpa dídine a chomhrac;	— beartais na mBallstát a chur chun cinn chun rochtain ar thithíocht shóisialta agus ar chúnamh tithíochta a áirithiú dóibh siúd atá i ngátar, ***á chur san áireamh freisin go bhfuil gá le tithíocht*** inacmhainne agus an easpa dídine a chomhrac;
— rochtain chomhionann ar fhuinneamh ***a áirithiú*** agus slándáil an tsoláthair fuinnimh ar phraghsanna inacmhainne ***a ráthú***;	— rochtain chomhionann ar fhuinneamh agus slándáil an tsoláthair fuinnimh ar phraghsanna inacmhainne ***a áirithiú***; — AccessibleEU***[1]*** a athnuachan agus a neartú.
— AccessibleEU a athnuachan agus a neartú***[1]***.	
[1] IO C 486, 21.12.2022, lch. 88, 1.1, 1.3.	[1] IO C 486, 21.12.2022, lch. 88, 1.1, 1.3.

Cúis

Is éard atá sna moltaí seo iarracht na miondifríochtaí teanga a thabhairt le fios sa téacs, go háirithe ós rud é nach bhfuil aon chomhaontú ann maidir le sprioc nua maidir le tithíocht inacmhainne.

Toradh na vótála

Ar son: 88

In aghaidh: 134

Staonadh: 5

LEASÚ 14

Arna chur síos ag:

ARDHE Christian
BLIJLEVENS René
CLEVER Peter
DANISMAN Mira-Maria
KRAWCZYK Jacek
MINCHEVA Mariya
MISSLBECK-WINBERG Christiane
POTTIER Jean-Michel
SAMMUT BONNICI Dolores
SCHWENG Christa
SMOLE Jože
SÕBER Kristi
SOETE Paul
YGLESIAS Isabel

SOC/822
Plean Gníomhaíochta nua maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta

Pointe 3.8

Le leasú mar a leanas:

An tuairim ón rannóg	Leasú
Spás fioscach chun infheistíocht a dhéanamh i gcaiteachas sóisialta: Ní bheidh na Ballstáit in ann Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme mura mbeidh siad in ann borradh a chur faoi infheistíocht ***ollmhór*** chomhordaithe sa chaiteachas sóisialta agus sa bhonneagar sóisialta. ***Ní mór é sin a léiriú*** sa Seimeastar Eorpach, a ndearnadh coigeartú beag air chun freastal ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. ***Ní mór*** céimeanna breise a bhreithniú. ***Tá sé ráite ag CESE arís agus arís eile gur féidir tuilleadh infheistíochta poiblí a dhéanamh laistigh de na Ballstáit trí bhíthin 'riail óir', rud a d'fhágfadh go mbeadh níos mó solúbthachta i rialacha buiséid[1].*** ***[1] IO C 227, 28.6.2018, lch. 1, 1.8 agus 3.6; IO C 327, 12.11.2013, lch. 11; IO C 227, 28.6.2018, lch. 95, 1.4; IO C 226, 16.7.2014, lch. 21; IO C 262, 25.7.2018, lch. 1, 3.14; IO C 190, 5.6.2019, lch. 24, 1.8; IO C 262, 25.7.2018, lch. 1, 1.4; IO C 14, 15.1.2020, lch. 1, 1.7, 2.7.2.***	Spás fioscach chun infheistíocht a dhéanamh i gcaiteachas sóisialta: Ní bheidh na Ballstáit in ann Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme mura mbeidh siad in ann borradh a chur faoi infheistíocht ***leordhóthanach*** chomhordaithe sa chaiteachas sóisialta agus sa bhonneagar sóisialta ***agus an inmharthanacht agus an inbhuanaitheacht airgeadais á n-áirithiú freisin***. ***Tá sin curtha san áireamh*** sa Seimeastar Eorpach, a ndearnadh coigeartú beag air chun freastal ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. ***Ba cheart*** céimeanna breise a bhreithniú ***chun leas a bhaint as an tsolúbthacht a chuirtear ar fáil tríd an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis***.

Cúis

Ba cheart tagairt a dhéanamh sa téacs do na féidearthachtaí atá ann cheana maidir leis an tsolúbthacht i gcomhréir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus ba cheart an inmharthanacht agus an inbhuanaitheacht airgeadais a chur san áireamh ann freisin.

Toradh na vótála

Ar son:	92
In aghaidh:	127
Staonadh:	8

LEASÚ 15

Arna chur síos ag:

ARDHE Christian
BLIJLEVENS René
CLEVER Peter
DANISMAN Mira-Maria
KRAWCZYK Jacek
MINCHEVA Mariya
MISSLBECK-WINBERG Christiane
POTTIER Jean-Michel
SAMMUT BONNICI Dolores
SCHWENG Christa
SMOLE Jože
SÕBER Kristi
SOETE Paul
YGLESIAS Isabel

SOC/822
Plean Gníomhaíochta nua maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta

Pointe 3.10

Le leasú mar a leanas:

An tuairim ón rannóg	Leasú
Riachtanais Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a léiriú sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) eile: Is deis é forbairt an chéad CAI eile chun tacú le hiarrachtaí an Aontais agus na mBallstát Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus, ag an am céanna, béim a choinneáil ar thosaíochtaí an Aontais. Is éard atá i gceist leis sin cistí a úsáid go comhsheasmhach agus an ról a imríonn Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a aithint mar chompás do chláir oibríochtúla agus ina uirlis chun tionchar na gCistí Struchtúracha agus Infheistíochta, CSE+ agus cheannteidil bhuiséid ábhartha eile an Aontais a mheas. D'áiritheofaí ***le coinníollacht shóisialta*** go rannchuideodh tionscadail go gníomhach le spriocanna sóisialta uileghabhálacha. Ní bhíonn rath ar an infheistíocht sa tslándáil ná sa chosaint má tá ilroinnt sa tsochaí. Ba cheart an ghné shóisialta den infheistíocht agus d'athchóirithe a bheith ina cuid lárnach den chlár oibre slándála[1]. ***Níor cheart don Aontas agus do na Ballstáit araon infheistíocht shóisialta riachtanach a chur i mbaol ná a thréigean ar mhaithe le caiteachas méadaithe ar chosaint.***	Riachtanais Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a léiriú sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) eile: Is deis é forbairt an chéad CAI eile chun tacú le hiarrachtaí an Aontais agus na mBallstát Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus, ag an am céanna, béim a choinneáil ar thosaíochtaí an Aontais. Is éard atá i gceist leis sin cistí a úsáid go comhsheasmhach agus an ról a imríonn Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a aithint mar chompás do chláir oibríochtúla agus ina uirlis chun tionchar na gCistí Struchtúracha agus Infheistíochta, CSE+ agus cheannteidil bhuiséid ábhartha eile an Aontais a mheas. D'áiritheofaí ***leis sin*** go rannchuideodh tionscadail go gníomhach le spriocanna sóisialta uileghabhálacha. Ní bhíonn rath ar an infheistíocht sa tslándáil ná sa chosaint má tá ilroinnt sa tsochaí. Ba cheart an ghné shóisialta den infheistíocht agus d'athchóirithe a bheith ina cuid lárnach den chlár oibre slándála[1].
[1] Rún ó CESE:18.9.2024, 7.3.	[1] Rún ó CESE:18.9.2024, 7.3.

Cúis

Níl aon ghá leis an gcaiteachas ar chosaint agus an infheistíocht shóisialta a chur i gcomparáid sa tuairim seo.

Toradh na vótála

Ar son:	90
In aghaidh:	129
Staonadh:	8

LEASÚ 16

Arna chur síos ag:

ARDHE Christian
BLIJLEVENS René
CLEVER Peter
DANISMAN Mira-Maria
KRAWCZYK Jacek
MINCHEVA Mariya
MISSLBECK-WINBERG Christiane
POTTIER Jean-Michel
SAMMUT BONNICI Dolores
SCHWENG Christa
SMOLE Jože
SÕBER Kristi
SOETE Paul
YGLESIAS Isabel

SOC/822

Plean Gníomhaíochta nua maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta

Pointe 3.14

Le leasú mar a leanas:

An tuairim ón rannóg	Leasú
Úsáid a bhaint as nósanna imeachta an tsoláthair phoiblí: Tá CESE ag tathant go gcuirfí níos mó béime ar an rannchuidiú a ***d'fhéadfadh rialacha an tsoláthair phoiblí*** a dhéanamh chun feabhas a chur ar chur i bhfeidhm agus ar fhorfheidhmiú an dlí saothair agus shóisialta atá ann cheana ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta[1]. ***Le coinníollacha agus rialacha coiteanna comhchuibhithe le haghaidh dhlí an tsoláthair phoiblí san Aontas, ba cheart deireadh a chur leis an iomaíocht is ísle agus a áirithiú go mbeidh sé d'oibleagáid ar údaráis chonarthacha phoiblí critéir shóisialta agus chomhshaoil a chur san áireamh i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus conarthaí á ndámhachtain. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go leathnófaí na ceanglais dhámhachtana i dtreoracha soláthair an Aontais chun gnéithe sóisialta, lena n-áirítear an chómhargáil, a chur san áireamh***.	Úsáid a bhaint as nósanna imeachta an tsoláthair phoiblí: Tá CESE ag tathant go gcuirfí níos mó béime ar an rannchuidiú a ***d'fhéadfaí*** a dhéanamh ***trí rialacha reatha an tsoláthair phoiblí a chur chun feidhme*** chun feabhas a chur ar chur i bhfeidhm agus ar fhorfheidhmiú an dlí saothair agus shóisialta atá ann cheana ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta[1]. ***Leis na rialacha sin, tugtar an chumhacht do na húdaráis cheana féin aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha agus critéir shóisialta agus chomhshaoil a chur san áireamh sa soláthar poiblí. [2]***
[1] IO C 374, 16.9.2021, lch. 38, 1.23, 2.5.3	[1] IO C 374, 16.9.2021, lch. 38, 1.23, 2.5.3. ***[2] Féach mar shampla an Fógra ón gCoimisiún 'Buying Social — a guide to taking account of social considerations in public procurement' (an dara heagrán) https://ec.europa.eu/docsroom/documents/45767.***

Cúis

Tá sé beartaithe ag CESE tuairim shonrach INT/1092 *Athbhreithniú ar chreat dlíthiúil an tsoláthair phoiblí Eorpaigh* a ullmhú (a ghlacfaí i mí na Nollag 2025). Dá bhrí sin, níor cheart aon tagairt a dhéanamh sa tuairim seo do shaincheisteanna a bhaineann leis an athbhreithniú ar na treoracha maidir le soláthar poiblí. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt le fios cad is féidir a dhéanamh faoi láthair faoi chuimsiú na rialacha reatha i réimse an tsoláthair phoiblí.

Toradh na vótála

Ar son:	92
In aghaidh:	130
Staonadh:	5